Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Droichead

## Foghlaim Ghairmiúil do Bhaill na Foirne Tacaíochta Gairmiúla



# Loga Foghlama Machnamhach




# Lá 1

## Gníomhaíocht 1: Seiceáil Chompáis

Maidir leis an bpróiseas Droichead, is ar mhaithe le do mhachnaimh phríobháideacha agus an tuiscint atá agat air an spás thíos:

Cá bhfuilim faoi láthair?

Cad a chuireann brí ionam...?




Cad a thacóidh mé?

Cad é an chríonnacht a choimeádfaidh ag imeacht mé sa ról?

## Gníomhaíocht 2:
## Plé ar an mBeartas Droichead

Le linn duit na míreanna ón mbeartas Droichead a léamh, cad iad na frásaí, nó na smaointe, is mó a sheasann amach duit? Cén fáth?

Breac síos do shmaointe sa spás a cuireadh ar fáil.

| | |
|---|---|
| Is creat comhtháite ionduchtaithe gairmiúil ar mhaithe le Múinteoirí Nuacháilithe is ea Droichead ... aithníonn sé gur céim ar leith is ea ionduchtú, i gcontanam oideachais múinteora, próiseas sóisialaithe chun dul i dtáithí ar ghairm na múinteoireachta ... chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhúinteoirí agus iad ag tosú ar a ngairmeacha beatha. Príomhchuspóir de phróiseas Droichead ná chun tacú le foghlaim ghairmiúil na múinteoirí nuacháilithe le linn na tréimhse ionduchtaithe, ina leagtar an bunús den fhás agus foghlaim ghairmiúil ina dhiaidh sin dá réir don chéad chéim eile dá ngairm bheatha.<br><br>Tar éis an phróisis Droichead, déanann an MNC dearbhú go bhfuil sé/sí réidh le bogadh go dtí an chéad chéim eile ar chontanam an oideachais múinteoirí. Déanann an múinteoir agus comhghleacaithe a bhfuil taithí acu comhdhearbhú, tar éis mhachnamh comhchoiteann, gur ghlac siad páirt i bpróiseas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán de bharr a rannpháirtíochta in Droichead.<br><br>Tá dhá phríomhshnáithe ag baint leis an bpróiseas Droichead mar chreat comhtháite ionduchtúcháin ... ionduchtúchán scoilbhunaithe amháin (Snáithe A) is ea an chéad shnáithe, trína bhfaigheann an MNC tacaíocht ó chomhghleacaithe a bhfuil taithí acu. Tá an dara snáithe comhdhéanta de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla breise (Snáithe B), lena gcuimsítear freastal ar chnuaschruinnithe MNC in ionaid oideachais áitiúla, agus gníomhaíocht foghlama ghairmiúil amháin eile a bhaineann le riachtanais an MNC.<br><br>(Aistrithe ó An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017, lch.3) | Notaí Breise |

## Gníomhaíocht 3:
## A Fhiúntaí atá sé Tacú le MNCnna

As an léamh sin, cad iad na buntáistí is féidir a bhaint as meantóireacht?

### Seomra ar Leithligh

**Aistrithe ó DQA Panel Report (2022)**

5.7.2 Nuair a tugadh cuairt ar scoileanna, bhí deis ag leath de MNCanna nach mór chun breathnú a dhéanamh ar níos mó ná an t-íoslíon de dhá bhreathnú atá leagtha síos sa bheartas. Tá breathnuithe ina dhlúthchuid de bheartas Droichead agus d'aithin MNCanna gur mhó go mór chun a leasa iad ina bhforbairt ghairmiúil. Ar chúig scoileanna, labhair MNCanna faoin tslí ar chuir na breathnuithe ar a suaimhneas iad agus ar thug siad muinín dóibh ina gcleachtas.

5.7.6 Bhí tionchar ilghnéitheach ag breathnuithe ar chúrsaí a bhí chun tairbhe don dá thaobh, seo iad roinnt de na buntáistí a luadh:

– In gach scoil ar tugadh cuairt uirthi nach mór, bunaíodh breathnuithe ar riachtanais MNCanna. Bhraith MNCanna go raibh meas ar a gcleachtas agus, mar thoradh air sin, tháinig méadú ar a muinín. Dar le MNCanna go raibh tábhacht le breathnuithe ar chomhghleacaithe agus thug le fios gur mhó b'fhiú na breathnuithe a rinneadh ar mhúinteoirí a bhfuil taithí acu.

– Thar aon rud eile, labhair MNCanna faoin bhfiúntas a fuarthas ó bhreathnú ar níos mó ná aon mhúinteoir amháin le linn dóibh a ngrúpa ranga a mhúineadh. Thug MNCanna áirithe faoi deara gur mhaith leo an deis a bheith páirteach ina thuilleadh breathnuithe. Dar le ball de FTG chomh maith go "bhféadfadh sé a bheith thar a bheith fóntach dá dtiocfadh múinteoir a bhfuil taithí acu isteach chun rang an MNC a mhúineadh, mar d'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh a bhí sí ag iarraidh bainistíocht iompair, riachtanais speisialta, difreálú, a chur san áireamh i dteannta lena rang mhúineadh. Féachann sí an múinteoir a bhfuil taithí acu á ndéanamh san am céana agus ag dul i ngleic lena leanaí"

.

## Seomra ar Leithligh 2

### Aistrithe ó DEEPEN Report (2021)

Tuigtear agus aontaítear ar fud an domhain go ... cuimsítear i gcláir ionduchtúcháin foirmiúla tacaíocht ó mheantóir agus deiseanna chun comhoibriú le múinteoirí eile, breathnú a dhéanamh ar mhúinteoirí eile agus freastal ar chláir forbartha gairmiúla in éineacht le múinteoirí eile (Kearney, 2014).

Ceapadh gurbh iad 'Comhráite Gairmiúla' an rud is mó fiúntas, agus ina dhiaidh sin an próiseas "breathnuithe" agus próiseas "gníomhaíocht foghlama gairmiúla". Nuair a chuir baill de FGM aiseolas fiúntach, comhairle, treoir, agus eolas comhroinnte ar fáil de réir spiorad comhair agus comhghleacaíochta, bhraith na MNCanna gur thug Droichead bunús daingean dóibh le haghaidh a ngairme beatha.

Is 'cairde fíorthábhachtacha' nó anamchairde iad baill de FTG ... agus eiseamláirí ar mhaithe le MNCanna , ní hé amháin maidir le curaclam agus oideolaíocht, ach, níos tábhachtaí ná sin, mar eiseamláirí gairmiúla atá ina n-eiseamláir agus ina léiriú de ról múinteora gairmiúla. Ceapainn baill de FTG gurb é an úsáid is éifeachtaí den am a chuirtear i leataobh do Droichead an t-am le haghaidh 'Breathnuithe ag MNCanna ar chleachtas múinteoirí eile' agus ina dhiaidh sin 'Comhráite gairmiúla leis an FTG'.

... más fíor do cheannairí scoile, tá a rannpháirtíocht sa FTG ina chuid dhílis dá ról ... tugann sé deiseanna dóibh chun tacú le MNCanna, cabhrú leo, agus meantóireachta a dhéanamh orthu, chun dul in aithne ar fhoireann agus chun a chinntiú go bhfuil ionchur bainistíochta ina chuid de mheantóireacht MNCanna.
Tuairiscítear in Helms-Lorenz et al., (2016) gurb é caighdeán na meantóireachta seachas fad na meantóireachta is cúis le fás meonta dearfacha agus le fás scileanna. Tugann MNCanna le fios gur mór acu neart cumarsáide agus braitheann siad go bhfuil meas ag a gcomhghleacaithe orthu mar thoradh air sin.

## Aistrithe ó A Teacher’s Guide to Effective Mentoring (2017)

**Comhbhuntáistí na meantóireachta**

D’fhéadfadh go leor buntáistí meantóireachta a bheith ann ar mhaithe le meantóir agus múinteoir nua araon chomh maith leis na buntáistí a mbainfeadh an scoil, an córas, agus an ghairm as. Ó thaobh meantóireacht éifeachtach de, is gné chomhthairbheach fhiúntach de sin deiseanna a bheith ag duine eolas domhain praiticiúil a chur ar fáil, idir ábhar oideolaíochta agus taithí. Cuimsítear buntáistí suntasacha eile sa mhéid seo a leanas:

- méadú ar luas forbartha gairmiúla, ar fhéinmhachnamh, agus ar chumas réitithe fadhbanna ar mhaithe le meantóir agus múinteoir nua araon.
- méadú ar mhuinín, féinmheas, meanma, agus braistint féiniúlachta
- is ann do dheiseanna foghlama chun scileanna nua, straitéisí teagaisc agus teicnící cumarsáide, a chuimsíonn an tslí chun páirt a ghlacadh i gcomhráite tomhaiste mionchúiseacha ar bhonn fianaise
- méadú ar bhraistint chuimsithe nó laghdú ar uaigneas
- Is ann do dheiseanna a bheith ann chun dlúthchomhoibrithe, dúshláin chomhroinnte, agus an mothú go bhfuil rud éigin fiúntach bainte amach as a leithéidí sin de dhúshláin a réiteach go rathúil
- an fhoghlaim a thagann ó dheiseanna minice a bheith ar fáil chun labhairt ar mhúinteoireacht agus foghlaim, scoláirí, straitéisí agus gaiscí chomh maith le dúshláin
- s ann do dheiseanna chun fianaise a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar fhoghlaim scoláire, rud is cúis le léargais ghairmiúla ar mhaithe le meantóir agus múinteoir nua
- braistint chómhuintearais a fhorbairt as bheith ag cur leis an scoil agus lena phobal.

# Gníomhaíocht 4
# Considering Professional Practice

Conas a léirímid, mar mhúinteoirí, ár gcleachtas gairmiúil?

| | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht in Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla agus Ionduchtú Scoilbhunaith | |
| Tiomantas do Mhúineadh agus Foghlaim ar Ardchaighdeán | |
| An bhaint phearsanta atá againn le Cleachtas Machnamhach | |
| An bhaint atá againn le Cleachtas Machnamhach i gcomhar le chéile | |

Oide — Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí — Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Droichead - Teimpléad Sracphlean Droichead (le heochair) - 2025.2026

**Meán Fomhar 2025**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | 29 | 30 | | | | |

**Deireadh Fomhar 2025**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 1 | 2 | 3 | 4 |
| 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 |
| 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 |
| 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 | |

**Samhain 2025**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | 1 |
| 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
| 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 |
| 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 |
| 30 | | | | | | |

**Nollaig 2025**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | 29 | 30 | 31 | | | |

**Eanáir 2026**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | 1 | 2 | 3 |
| 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
| 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 |
| 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 |
| 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 |

**Feabhra 2026**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |

**Márta 2026**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
| 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 29 | 30 | 31 | | | | |

**Aibreán 2026**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 1 | 2 | 3 | 4 |
| 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 |
| 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 |
| 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | | |

**Bealtaine 2026**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | 1 | 2 |
| 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
| 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 |
| 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 |
| 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 |

**Meitheamh 2026**

| S | M | T | W | T | F | S |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 |
| 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 |
| 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 |
| 28 | 29 | 30 | | | | |

**Tabhair ar aird**

- Ní mór do MNCanna freastal ar chnuaschruinniú amháin in aghaidh an téarma le linn dóibh bheith ag dul faoi phróiseas Droichead.
- Ba chóir do MNCanna páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht foghlama gairmiúla a chinneann siad féin de réir a riachtanais foghlama gairmiúla féin, i gcomhairle leis an FTG.
- Ba chóir go léadh múinteoirí nuacháilithe '*Droichead: An Creat Comhtháite um Ionduchtú Gairmiúil*' Márta 2017.
- Déanfaidh Rannán Ionduchtucháin Droichead cumarsáid le scoileanna ar bhonn rialta lena chinntiú go mbeidh an t-eolas is deireanaí le dáta ar fáil do FTGanna agus do MNCanna

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíochtaí Ionduchtaithe** | Breathnóireacht *ag* an MNC |
| | Breathnóireacht *ar* an MNC |
| | Gníomhaíochtaí Eile Ionduchtaithe |
| **Cruinnithe** | Foireann Tacaíochta Gairmiúla |
| | FTG agus MNC |
| | Athbhreithnithe Ráithiúla |
| **An Fhoireann Uile** | Eolas Droichead |
| | Laethanta Saoire Scoile |

| | |
|---|---|
| **Dáta a fuarthas an ríomhphost dearbhaithe :**<br><br>**Dáta deiridh sealadach:** | **Baill FTG ag tacú le MNC:** |
| **Dátaí cnuaschruinnithe:** | **Gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla eile:** |
| **Breathnóireacht ag an MNC:** | **Breathnóireacht *ar* an MNC:** |



CC BY NC

# Gníomhaíocht 6: Comhráite Gairmiúlaagus Gníomhaíochtaílonduchtaithe

Bain úsáid as na boscaí thíos chun machnamh a dhéanamh ar chomhráite gairmiúla agus gníomhaíochtaí iondúchtáin.

**Cad iad na gnéithe de shaol scoile agus/nó cleachtas gairmiúil a thabharfadh MNC leo, b'fhéidir, chun plé le linn 'comhrá gairmiúil'?**

1. Cumarsáid le tuismitheoirí
2. Foghlaim a leathnú Deiseanna ar mhaithe le scoláirí sárchumasacha

**Cad iad na táscairí dea-chleachtais?**

1. Úsáideann múinteoirí cruinnithe tuismitheoirí múinteoirí agus cumarsáid eile le tuismitheoirí go cuiditheach chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch na dtuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí. (Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022, lch 34)
2. Tá múinteoirí feasach ar riachtanais foghlama, spéiseanna agus cumais aonair na scoláirí, agus cuireann siad cleachtais foghlama agus teagaisc in oiriúint dá réir. (Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022, lch 32)

**Conas a bheadh tionchar ag comhthéacs na scoile ar ghníomhaíochtaí ionduchtúcháin?**

1. Tá beartas cumarsáide ar leith ag an scoil a chuimsíonn úsáid ardán cumarsáide digiteach agus eolas ar chruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí
2. Tá treoracha i ngach beartas ábhair a bhaineann le hoibriú le scoláirí sárchumasacha

**Cad a bheadh na Gníomhaíochtaí Ionduchtúcháin Cuí chun tacú leis an MNC sa chás sin?**

## Gníomhaíocht 7:
## Caidreamh Gairmiúil a Thógáil

Cad iad na gnéithe de chaidreamh gairmiúil éifeachtach?

Is mó is éifeachtach caidrimh ghairmiúla nuair ...

## Gníomhaíocht 8:
## Gníomhaíocht Éisteachta

Lean treoracha an áisitheora ...

## Gníomhaíocht 9:
## GFGB Cás-Staidéar

Cad é Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla Breise a bhféadfadh Fiona freastal uirthi?

## Gníomhaíocht 10:
## Machnamh ar Lá a hAon

Cad iad na nithe is tábhachtaí a thabharfaidh tú leat:

1. faoin bpróiseas Droichead
2. faoin ról atá ag an FTG
3. faoi chumas a chur ar MNCanna

# Lá 2

## Gníomhaíocht11:
## I mbun Bhreathnú ar Cheacht

**Muinteoir:** Fiona **Ábhar:** History **Rang:** Bliain 3

**Topaic:** Cúiseanna an Chéad Chogaidh Dhomhanda **Fócas an Bhreathnaithe:** Teicnící Ceisteoireachta

Chun tús a chur leis an gceacht, dúirt Fiona le scoláirí go ndéanfaidís plé ar bhunchúiseanna an chéad chogaidh dhomhanda. Chuir sí suas a leithéid seo ar an gclár: “Ba é ceann de na bunchúiseanna an míleatachas. Tabhair do thuairim, an bhfuil tionchar ag cumhacht mhíleata ar bheartais tíortha fós sa lá atá inniu ann?” Tar éis freagra nó dhó a fháil, chuaigh sí ar aghaidh go dtí an chéad chúis eile gan a thuilleadh eolais nó plé breise.

Cuireadh scoláirí ina ngrúpaí beaga ansin, agus tugadh cnuasach míreanna ar bhunfhoinsí iad agus achoimrí léite gearra. D’iarr Fiona ar gach grúpa díriú ar chúis ar leith—míleatachas, comhghuallaíochtaí, impiriúlacht, nó náisiúnachas. Ar roinnt grúpaí, lena n-áirítear scoláirí ar theastaigh a thuilleadh tacaíochta uathu, bhain sí úsáid as ceisteanna tabhairt chun cuimhne níos mó ná aon rud eile, leithéidí “Cad é an t-eolas is féidir a bhaint as an bhfoinse sin faoi chomhghuaillíochtaí?” agus “An féidir leat aon tír amháin a bhí ina chuid den Entente Triarach a lua?”

Maidir le grúpaí eile, bhain Fiona úsáid as ceisteanna comparáide agus ceisteanna réasúnaíochta mar seo a leanas ionas go gcuirfí lena gcuid smaointe: “Cad é an difríocht idir náisiúnachas agus impiriúlachas san aimsir roimh an gcogadh?” agus “Cén fáth a measann tú ar chuir comhghuaillíochtaí leis an gcontúirt a bhí ann?” Theastaigh noda nó soiléiriú ó scoláirí áirithe, agus i gcásanna eile is maith a d’fhreagair roinnt eile acu le tacaíocht óna bpiaraí nó ón múinteoir. Spreag sí iad agus thug sí aitheantas do réasúnaíocht grúpaí a bhí éifeachtach.

Bhain Fiona úsáid as an gclár bán idirghníomhach agus chuir sí suas eagraí grafach a léirigh na ceithre phríomhchúis. Thug sí le fios do na scoláirí go líonfadh sí isteach é lena gcabhair, ach d’fhan sí ar bharr an ranga agus threoraigh sí an comhrá í féin. D’iarr sí ceisteanna rang uile amhail “An sampla é sin d’impiriúlachas?” agus “An féidir le duine an nasc idir an náisiúnachas agus feallmharú ard-diúic Ferdinand a fheiceáil?” Rinne sí a thuilleadh fiosrú anois is arís le ceisteanna amhail “Cad a thugann sé sin le fios maidir leis an dearcadh a bhí ag na tíortha ar a chéile?”

Tháinig formhór na freagraí ó chúpla scoláire muiníneach ach níor thaispeáint na scoláirí eile mórán rannpháirtíocht.
Bhí tasc deireanach pleanáilte ag Fiona , bhí ar na scoláirí scríobh síos argóint faoi na pointí is tábhachtaí, ach cuirtear an tasc seo ar ceal mar gheall ar ganntanas ama. Mhínigh Fiona go mbeidh seo le déanamh sa chéad rang eile.

As léamh chur síos an cheachta, freagair na ceisteanna thíos.

Ag cur fhócas an cheachta san áireamh (teicnící ceisteoireachta), cad ba mhaith leat a phlé le Fiona i ndiaidh an cheachta sin?

Cad iad na láidreachtaí i gcleachtas Fiona?

Cad iad na réimsí is féidir a fhorbairt?

Conas a phléifeá le Fiona na réimsí is féidir a fhorbairt?

Cad é an réimse a dtabharfá tosaíocht dó? Cén fáth?

## Gníomhaíocht 12: Rólimirt iarbhreathnaithe

Samhlaigh gur tú an FTG a thacaíonn le “Fiona”. Bain úsáid as na ceisteanna thíos chun comhrá iarbhreathnaithe a chur ar bun.

Conas a mheasann tú a bhí an ceacht? Cén fáth a deir tú é sin?

Cad a d’éirigh go maith leis?

Cad a chuir tú san áireamh nuair a bhí tú i mbun an ceacht sin a ullmhú? (Comhthéacs)

An raibh nithe gan choinne ann?

An amhlaidh a bhí gnéithe den cheacht a bhí thar a bheith tarraingteach nó gnéithe nach raibh chomh tarraingteach?

An dóigh leat gur sásaíodh riachtanais na bhfoghlaimeoirí? Cá bhfios duit?

Cad a d’fhoghlaim tú as an rang/ceacht sin a mhúineadh?

Dá múinfí an ceacht arís, cad iad na nithe, má tá siad ann, a dhéanfá ar bhealach eile? Cén fáth?


(aistrithe ó Horn & Metter-Armijo (2011) agus Randal & Thornton (2001))

Breac síos do chuid smaointe thíos.

## Gníomhaíocht 13:
## Rangú triantáin

Aithin na rólanna is tábhachtaí ag FTG ó 1-6.

- Áisitheoir
- Urlabhraí
- Comhoibrí
- Teagascóir
- Éisteoir a bhfuil muinín air/uirthi
- Bailitheoir fianaise
- Ceannaire
- Duine réitithe fadhbanna
- Foghlaimeoir




(Horn and Metler-Armijo 2011)

## Gníomhaíocht 14:
## Teoiric a Chur igCleachtas

Léigh an cás a leagadh ort agus pléigh conas a thabharfá faoin gcás ar cuireadh síos air.

### Seomra ar Leithligh 1

**1** Cuireann an príomhoide in iúl don FTG go rachaidh MNC breise sa bhfoireann in mí Eanáir. Is amhlaidh atá beirt bhall den FTG a thacaíonn le cúigear MNCanna faoi láthair.

**2** Fiafraíonn comhbhall foirne: "Nuair a dhéanann MNC breathnú ar mo rang, bhí ceisteanna acu ar dhifrealú – ach an é tacú leo ina chuid dár ról?"

### Seomra ar Leithligh 2

**3** Deir MNC: "Chaill mé Cnuaschruinniú 1 i dTéarma 1. Cad atá le déanamh?"

**4** Níl ionadaí ag an Leas-Phríomhoide chun rang de chuid bhall den FTG a clúdach le haghaidh a mbreathnú sceidealaithe tráthnóna.

### Seomra ar Leithligh 3

**5** Tugann ball de FTG faoi deara nach nglacann an MNC lena chomhairle agus tacaíocht tar éis an chéad dhá bhreathnú.

**6** Téann MNC a fhad le ball de FTG chun a rá gur chuala siad ball eile den FTG ag plé a chleachtas seomra ranga le baill eile den fhoireann.

### Seomra ar Leithligh 4

**7** Faigheann ball de FTG ceist ó MNC: Cad é an tslí is fearr chun ullmhú le haghaidh mo chéad chruinniú tuismitheoirí is múinteoirí? Ba dheas liom go mbeadh fiúntas ann ach nílim cinnte conas tús a chur leis an ullmhú."


**8** MNC: "Tá sé i gceist agam ár lá inseirbhíse ar churaclam scoile a úsáid mar an ghníomhaíocht foghlama gairmiúla eile le haghaidh Shnáithe B. An bhfuil sé sin ceart go leor?"


# Gníomhaíocht 15:
# Acmhainní ar an Suíomh Gréasáin

Lean na céimeanna thíos chun teacht ar acmhainní breise dár gcuid.

## 1 Iarratais/Cuir in áirithe

1.Oscail do bhrabhsálaí agus téigh go https://www.oide.ie
2 Ar an leathanach baile, téigh go dtí an roghchlár nascleanúna ar an mbarr.
3.Cuir an luchóg os chionn “Cuir Iarratas Isteach / Cuir in Áirithin Anois” 4. As an roghchlár anuas, roghnaigh ‘Droichead’.
5.Roghnaigh an bealach rochtaine áirithe agat.
6.Roghnaigh an t-imeacht foghlama gairmiúla ábhartha de réir mar a theastaíonn.





✅ Breac síos aon imeacht amháin ar mhaith leat freastal air amach anseo.


## 2 Nuacht & Uasdátuithe

1. Oscail do bhrabhsálaí agus téigh go https://www.oide.ie/droichead/home/
2. Aimsigh an tíl, Nuacht & An tEolas Is Déanaí, leis na céimeanna seo a leanas Baile> Ionduchtú Droichead > Nuacht & Uasdátuithe




✅ Déan nóta den dá phostáil is déanaí. Cad é an bhaint atá acu le do ról mar bhall de FTG?

## 3 Sracphlean Droichead




✅ Aithin acmhainn eile sa chuid sin agus mínigh conas a thacódh sé leis an bhfoireann tacaíocht gairmiúla i do scoil.

## 4 An Próiseas Droichead

Fill ar an leathanach baile Droichead agus téigh go “Tacaíochtaí Ionduchtúcháin”.

📌 Brioscaí Aráin:
Home>Ionduchtú Droichead>Bunscoil/Iar-bhunscoil>Tacaíochtaí Droichead>
An Próiseas Droichead

✅ Cad iad na hacmhainní ar fáil le haghaidh Cnuaschruinnithe?
✅ Cad a cabhródh na hacmhainní sin leat i do ról?

## Gníomhaíocht 16:
## Machnamh ar an Dara Lá

Cad iad na nithe is tábhachtaí a thabharfaidh tú leat: :

1. faoin bpróiseas Droichead
2. faoin ról atá ag an FTG
3. faoi chumas a chur ar MNCanna

# Notaí

## Am Machnaimh



## Aguisín 1:
## Cás-Staidéar (Post-primary)

Is múinteoir nua-cáilithe í Fiona a chuir tús lena post múinteoireachta i do scoil le déanaí. Tá sí ar conradh ar feadh 13 uair an tseachtain ar feadh an bhliain scoile go léir agus múineann stair. Mar bhall den FTG, tabharfaidh tú tacaíocht do Fiona agus tá cruinniú socruithe agat chun an dréacht den sracphlean a dhéanamh i gcomphháirt léi.

Roinnt seachtainí tar éis thús na scoilbhliana, tagann Fiona a fhad leat agus iarrann sí ort tacú léi roghnú a dhéanamh ar "Aon Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúla Amháin Eile" atá ina chuid de Snáithe B sa phróiseas Droichead. Míníonn sí nach bhfuil sí cinnte cad atá oiriúnach agus luann sí go bhfuil suim aici ina thuilleadh gníomhaíochtaí foghlama comhoibríocha a úsáid ina ceachtanna. Teastaíonn sé uaithi, áfach, go bhfaighfí roinnt treorach i dtaobh gníomhaíocht foghlama ábhartha a aithint.

Níl ach trí seachtaine fágtha ag Fiona sa scoil agus tá fonn uirthi an próiseas Droichead a chur i gcrích le linn na tréimhse sin. Is iomaí sin cúis a cuireadh roinnt cruinnithe leis an FTG ar athlá nó ar ceal le linn na bliana.
Cé go bhfuil na baill den FTG sásta go raibh Fiona rannpháirteach sa phróiseas, is é a dtuairim nach bhfuil a dóthain dul chun cinn déanta aici. Ar an mbonn sin, níl siad sásta an comhdhearbhú a shíniú. Ní aontaíonn Fiona leo mar dar léi go bhfuil gach gné den phróiseas a theastaíonn comhlíonta aici.